

Laghdófar na hastuithe gáis cheaptha teasa trí bhainistiú níos fearr na dramhaíola cathrach

- Táthar ag dúil go méadófar méid na dramhaíola cathrach faoi 25 % idir na blianta 2005 agus 2020.
- Tá eochair-ról le feidhmiú ag tarrtháil mhéadaithe na dramhaíola, agus ag atreorú na dramhaíola amach ón líonadh talún chun dul i ngleic le tionchair chomhshaoil na dtoirteanna dramhaíola méadaitheacha.
- Táthar ag dúil go dtiocfaidh titim ar ghlanastuithe gáis cheaptha teasa ón mbainistiú dramhaíola cathrach go mór faoin mbliain 2020, de réir mar a bhaintear leas níos méadaí as an athchúrsáil agus an loscadh.
- Chuirfeadh teorannú nó seachaint an fháis i dtoirteanna dramhaíola tuilleadh laghdaithe le hastuithe gáis cheaptha teasa ó eanáil na dramhaíola agus sheachadfaí sochair eile don tsochaí agus don chomhshaoil leo sin.

Toirteanna méadaitheacha dramhaíola

Ghin gach saoránach Eorpach 460 kg de dhramhaíl chathrach ar an meán sa bhliain 1995. Tháinig ardú ar an líon seo chuig 520 kg an duine sa bhliain 2004, agus táthar ag réamh-mheas méadú breise chuig 680 kg an duine faoin mbliain 2020. Freagraíonn sé seo do mhéadú beagnach 50 % san iomlán laistigh de 25 bliain. Tagann an méadú leanúnach réamh-mheasta seo mar thoradh go príomha ar fhás toimhdithe gan staonadh um thomhailt phríobháideach dheiridh (.i. meánfhás 2 %

agus 4 % sa bhliain faoi 2020 san AE-15 agus AE-12 faoi seach (CE, 2006)) agus ar leanúint ar aghaidh le treochtaí reatha um patrúin tomhailte.

Tá éagsúlachtaí móra ann, ámh, de réir mar a thaispeántar i bhFigiúr 1, idir Ballstáit an AE-15 ⁽¹⁾ agus Ballstáit an AE-12 ⁽²⁾ faoi seach. Níor ghin saoránach an AE-12 ach 335 kg ar an meán sa bhliain 2004, cé gur 570 kg an méid a ghin saoránach an AE-15 an bhliain chéanna. In ainneoin sin, is dóichí go dtiocfaidh méadú ar thoirteanna dramhaíola san AE-12 sna 15 bliain romhainn chun druidim i dtreo leibhéil


reatha an AE-15, de réir mar a thiocfaidh tuilleadh forbartha ar gheilleagair an AE-12 agus de réir mar a thagann éabhlóidiú ar phatrúin tomhailte. Táthar ag dúil amach anseo go dtiocfaidh fás ar thoirteanna dramhaíola cathrach laistigh den AE-15 agus den AE-12 faoi 22 % agus 50 % faoin mbliain 2020 faoi seach. Gintear níos mó ná 80 % den dramhaíl chathrach iomlán thar an tréimhse go léir san AE-15.

Dá leathfaí dramhaíl chathrach go léir de chuid an AE a ghinfí sa bhliain 2020 (.i. timpeall 340 milliún tona) ar an talamh, chumhdófaí achar ar chóimhéid

⁽¹⁾ An Bheilg, An Danmhairg, Éire, An Fhrainc, An Fhionlainn, An Ghearmáin, An Ghréig, An Iodáil, An Ísiltír, Lucsamburg, An Ostair, An Phortaingéil, An Ríocht Aontaithe, An Spáinn agus An tSualainn.

⁽²⁾ An Bhulgáir, An Chipir, An Eastóin, An Laitvia, An Liotuáin, Málta, An Pholainn, Poblacht na Seice, An Rómáin, An tSlóivéin, An tSlóvaic, An Ungáir.

Figiúr 1 Giniúint agus bainistiú na dramhaíola cathrach san Eoraip (in aghaidh an duine)



Foinse: Eurostat agus ETC/RWM.

Lucsamburg go tiús 30 cm nó ar chóimhéid Mhálta go tiús 2.5 m!

Tugtar le fios leis na torthaí seo go mba cheart go dtreiseofaí go mór na hiarrachtaí chun giniúint na dramhaíola a chosc, má táthar chun aidhm an tSéú Clár Gnímh Chomhshaoil a shásamh ó thaobh laghdú na dtoirteanna dramhaíola.

Tarrtháil agus atreorú méadaitheach na dramhaíola ón líonadh talún

Ba í an diúscairt trí líonadh talún an modh cóireála ab fhorleithne don dramhaíl chathrach ó thaobh na staire de, ach tá laghduithe suntasacha um líonadh talún tar éis tarlú le fiche bliain anuas. Cuireadh chun líonadh talún 47 % den dramhaíl chathrach san AE sa bhliain 2004 (féach Figiúr 1). Táthar ag dúil go dtiocfaidh laghdú breise air sin chuig timpeall 35 % faoin mbliain 2020. Táthar ag

dúil go dtiocfaidh méadú ar an athchúrsáil agus ar oibríochtaí tarrthála ábhair eile ón leibhéal reatha 36 % chuig timpeall 42 % faoin mbliain 2020. Agus baineadh leas ar deireadh as an loscadh do 17 % den dramhaíl chathrach sa bhliain 2004 agus is dóichí go dtiocfaidh méadú air sin chuig isteach is amach ar 25 % faoin mbliain 2020.

Tagann na treochtaí sin ón am atá caite agus a bhfuiltear ag dúil leo mar thoradh i bpáirt ar bheartais shaintiomanta leis an aidhm chun athchúrsáil agus tarrtháil na dramhaíola pacáistíochta a mhéadú (m.sh. Treoir Pacáistíochta 1994) agus chun dramhaíl chathrach inbhithmhillte a atreorú ón líonadh talún (m.sh. Treoir Líonta Talún 1999). Táthar ag réamh-mheas laghdú breise um chainníocht na dramhaíola cathrach a théann chun líonta talún, a fhreagraíonn do na hiarrachtaí a dhéantar ag leibhéal náisiúnta

agus Eorpacha le cuspóirí a leagadh amach sa Séú Clár Gnímh Chomhshaoil a bhaint amach i measc rudaí eile.

Léiríonn foilseachán EEA (EEA, 2007) patrúin um chur chuige na mBallstát do bhainistiú na dramhaíola, go háirithe i gcomhthéacs na treorach Líonta Talún.

Titim ar Ghlanastuithe gáis cheaptha teasa ó bhainistiú dramhaíola cathrach

D'fheidhmigh astuithe gáis cheaptha teasa ón mbainistiú dramhaíola sa bhliain 2005 do thuairim 2 % de na hastuithe go léir san Aontas Eorpach.

Tá naisc faoi leith ag astuithe meatáin, ar ceann de na sé ghás ceaptha teasa arna rialáil ag Prótacál Khiótó é, leis an talmhaíocht (go háirithe an t-eallach) agus le hoibríochtaí líonta talún. Féadfaidh Treoir Líonta Talún an AE cúnamh dá réir le baint amach na

spriocanna AE um laghdúithe astuithe gáis cheaptha teasa, mar shampla tarrtháil meatáin agus atreorú dramhaíola cathrach inbhithmhílte ón líonadh talún. Comhéadan eile idir beartais bainistithe dramhaíola agus athraithe aeráide is ea tomhailt an fhuinnimh (as a n-eascraíonn astuithe gáis cheaptha teasa) um bailiú, chóireáil agus leas na dramhaíola sa déantúsaíocht.

Táthar ag réamh-mheas go dtiocfaidh meath ar ghlanastuithe gáis cheaptha teasa ó bhainistiú na dramhaíola cathrach ó bhuaic timpeall 55 milliún tona de choibhéis CO₂ sa bhliain go déanach sna 1980í chuig 10 milliún tona de choibhéis CO₂ faoin mbliain 2020 (Figiúr 2).


Is amhlaidh é sin de bharr dhá fhorbairt ar leithligh. Sa chéad chás de, táthar ag réamh-mheas go leanfaidh cainníochtaí dramhaíola a théann isteach go saoráidí bainistithe orthu ag fás de réir mar a mhéadaíonn an ghiniúint dramhaíola in aghaidh an duine agus de réir mar a fheabhsaítear an bailiú dramhaíola a thuilleadh. Brúnn sé sin suas na hastuithe díreacha ó gháis cheaptha teasa de chuid eárnáil an bhainistithe dhramhaíola. Tá an líonadh talún mar 60 % den iomlán sa bhliain 2020, agus beidh 20 % an ceann ag an athchúrsáil agus an loscadh.

Os a choinne sin, is amhlaidh a bhainfear leas méadaitheach as an athchúrsáil agus an

loscadh. Tá sé sin mar choigilteas (nó astuithe gáis cheaptha teasa seachanta) lena seach-chuirtear astuithe díreacha. Rannchuireann an athchúrsáil 75 % de na hastuithe seachanta iomlána faoin mbliain 2020 agus beidh rannchur beagnach 25 % don loscadh.

Taispeántar sna réamh-mheastacháin trí chéile dá réir go laghdófar astuithe gáis cheaptha teasa den dramhaíl chathrach san Eoraip, lena ndíchúplófar brúnna comhshaoil ón bhfás eacnamúil, arna ngairm sa Séú Clár Gnímh Chomhshaoil. Ina theannta sin is amhlaidh a thugtar le fios sna réamh-mheastacháin, i bhfianaise forbartha breise a bhfuiltear ag dúil léi um

Figiúr 2 Treochtaí agus réamh-mheastacháin d'astuithe GHG ó bhainistiú na dramhaíola cathrach san Aontas Eorpach



Foinse: ETC/RWM.

athchúrsáil agus leas níos mó á bhaint as an dramhaíl mar acmhainn, go mbainfear amach an sprioc fhadtéarmach chun éirí ina sochaí athchúrsála mar a shloinntear sna Straitéisí Téamacha um Chosc agus Athchúrsáil.

Glactar leis sna réamh-mheastacháin a úsáidtear sa staidéar seo go bhfásann cumas an bhainistithe dhramhaíola leis an éileamh a shásamh. Féadann astuithe gáis cheaptha teasa bheith níos mó de bharr bainistiú neamhéifeachtúil, mura gcoinníonn an infheistíocht sa chumas bainistithe feabhsaithe suas le cainníochtaí dramhaíola méadaitheacha.

Sochair bhreise ó theorannú nó seachaint an fháis um thoirteanna dramhaíola

Is amhlaidh a laghdófar a thuilleadh na hastuithe gáis cheaptha teasa ó earnáil an bhainistithe dhramhaíola trí ghníomh chun an fás réamh-mheasta um thoirteanna dramhaíola a theorannú nó a sheachaint, cé go dtaispeántar sna réamh-mheasta go

dtiocfaidh titim ar astuithe gáis cheaptha teasa in ainneoin na dtoirteanna dramhaíola. Meastar bailiú agus iompar na dramhaíola, a bhfuil dlúthnasc aige le toirteanna dramhaíola, bheith mar níos lú ná 5 % de na hastuithe gáis cheaptha teasa díreacha in earnáil na dramhaíola, go príomha de bharr na n-achar gairid ar gnách a n-iompraítear dramhaíl cathrach. Tá an figiúr seo mar 40 % de na glanastuithe sa bhliain 2020.

Seachadfar sochair eile le teorannú na dtoirteanna dramhaíola ar nós costas laghdaithe um bainistiú dramhaíola, agus truailliú aeir laghdaithe (le caithníní agus ocsaídí nítrigine) agus torran a bhaineann le bailiú agus iompar na dramhaíola. Féadann costais an bhainistithe dhramhaíola méadú go mór de réir mar a thagann fás ar thoirteanna mura ndéantar amlaidh. Is trom é costas bailiúcháin agus cóireála na dramhaíola go háirithe, agus is ionann dramhaíl a ghiniúint agus cailliúint acmhainní de réir sainmhínte.

Is amhlaidh mar fhocal scoir nach féidir leis an Eoraip bheith bogásach maidir leis an bhfás leanúnach um dhramhaíl — a léiríonn ár bpatrúin tomhailte agus táirgthe neamh-inbhuanaithe reatha — óir go bhféadfadh ní ba mhó tábhachta bheith leis seo le hais na bhfeabhsuithe atá ag tarlú in earnáil an bhainistithe dhramhaíola.

Tagairtí

EC (2006), *European Energy and Transport — Trends to 2030 — update 2005*, Comhphobail Eorpacha, DG TREN, Lucsamburg.

EEA (2007), *The road from landfilling to recycling: common destination, different routes*, An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach, Cóbanhávan.

EEA (2008), Doiciméid tacaíochta do EEA Briefing 2008/01 *Laghdófar na hastuithe gáis cheaptha teasa trí bhainistiú níos fearr na dramhaíola cathrach*, An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach, Cóbanhávan. http://reports.eea.europa.eu/briefing_2008_1/en/Supporting_document_to_EEA_Briefing_2008-01.pdf.

European Environment Agency
Kongens Nytorv 6
1050 Copenhagen K
Denmark

Tel.: +45 33 36 71 00
Fax: +45 33 36 71 99

Web: eea.europa.eu
Enquiries: eea.europa.eu/enquiries



Publications Office
Publications.europa.eu

